C/2026/5094

20.10.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Creat soiléir AE maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú: postú dlisteanach, deimhneacht dhlíthiúil agus iomaíocht chóir a áirithiú

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2026/5094)

Rapóirtéir: **David HAFNER**

Comhairleoirí	Herwig VERSCHUEREN (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa II) Jukka AHTELA (thar ceann Ghrúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	19.2.2026
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	25.6.2026
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	15.7.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	607
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	196/6/13

1. Conclúidí agus moltaí

SEO SEASAMH CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA (CESE):

1.1. Tugann CESE dá aire go rialaítear postú náisiúnach tríú tír laistigh den chreat atá bunaithe ar na Conarthaí maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)) le reachtaíocht ghinearálta an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a phostú agus múnlaítear é freisin le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). D'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil, rioscaí mí-úsáide agus saobhadh ar an iomaíocht chóir eascairt as difríochtaí sa léirmhíniú agus sa chur chun feidhme ar fud na mBallstát, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den mhuinín as an margadh inmheánach agus de dhlisteanacht an mhargaidh inmheánaigh.

1.2. Iarrann CESE go mbeadh níos mó soiléireachta ann a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme agus go gcuirfí creat an Aontais atá ann cheana i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí, lena n-áirítear treoir níos soiléire agus níos inrochtana don chásdlí ábhartha, chun deimhneacht dhlíthiúil, cothrom iomaíochta agus cosaint éifeachtach d'oibrithe agus do ghnólachtaí a áirithiú.

1.3. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór go bhfreagródh postú náisiúnach tríú tír d'fhíorsholáthar seirbhísí trasteorann agus nár cheart dó rochtain a thabhairt riamh ar mhargadh saothair an Bhallstáit is faighteoir ná oibrithe a chur ar fáil do ghnóthas eile.

1.4. Tugann CESE dá aire go gcoinníonn na Ballstáit an inniúlacht, de bhun Airteagal 79(5) CFAE, chun na coinníollacha maidir le dul isteach agus rochtain ar a margaí saothair a chinneadh, agus cuireann sé i bhfios go láidir nár cheart socruithe maidir le postú míchuí a úsáid chun dul timpeall ar na hinniúlachtaí sin.

1.5. Maidir leis na príomhchoinníollacha lena rialaítear náisiúnaigh tríú tír a phostú go dleathach, go háirithe maidir le cónaí dleathach, gnáthfhostaíocht sa Bhallstát is iasachtóir agus an ceanglas gan rochtain a lorg ar mhargadh saothair an Bhallstáit is faighteoir, tugann CESE chun suntais go bhfuil gá le soiléiriú iomchuí maidir lena gcur i bhfeidhm, lena gcur chun feidhme agus lena bhforfheidhmiú praiticiúil.

1.6. Is geal le CESE an comhaontú polaitiúil a rinneadh le déanaí i ndáil leis an athbhreithniú ar rialacháin maidir le comhordú na slándála sóisialta lena gceanglaítear trí mhí de chleamhnacht roimh ré le córas slándála sóisialta an Bhallstáit is iasachtóir sula ndéantar postú.

1.7. Cuireann CESE i bhfios go láidir go dtuigtear gurb é atá i gceist le fíorphostú go bhfuil fíornasc infhíoraithe idir an t-oibrí agus margadh saothair an Bhallstáit is iasachtóir, agus tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí critéir shoiléire agus oibríochtúla a áirithiú chun measúnú a dhéanamh ar nasc den sórt sin, lena n-áirítear gnéithe amhail fostaíocht éifeachtach, cumhdach ag córais slándála sóisialta agus, i gcás inarb infheidhme, comhlíonadh oibleagáidí cánachais agus fíorghníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ann sa Bhallstát is iasachtóir, chun a sheachaint go mbainfí úsáid as cuideachtaí caocha. Leis na leasuithe a comhaontaíodh le déanaí ar na rialacháin maidir le comhordú na slándála sóisialta, cuirtear pointe tagartha tábhachtach ar fáil maidir le conas measúnú a dhéanamh ar an nasc le margadh fostaíochta an Bhallstáit is iasachtóir.

1.8. Tugann CESE dá aire fianaise ar chásanna ina n-earcaítear oibrithe i mBallstát amháin go príomha chun iad a phostú chuig Ballstát eile, rud a d'fhéadfadh ceisteanna a ardú maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le gnáthfhostaíocht.

1.9. Tugann CESE chun suntais go bhfuil ról méadaitheach ag idirghabhálaithe, ag slabhraí earcaíochta agus ag gníomhaireachtaí oibre sealadaí maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú agus iarrann sé go bhfeabhsófaí forfheidhmiú na rialacha chun a áirithiú go mbeidh na socruithe sin ag teacht leíorsholáthar seirbhíse agus nach mbainfear mí-úsáid astu chun imirce neamhrialta a éascú agus nach ionann iad agus soláthar saothair amháin, lena n-áirítear trí chritéir a bhaineann le gníomhaíochtaí substaintiúla a chur i bhfeidhm ar bhealach níos déine agus trí chuideachtaí caocha a chosc.

1.10. Tugann CESE dá aire go bhféadfadh cásanna fostaíochta agus cónaithe neamhdhleathaigh a bheith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha lena rialaítear náisiúnaigh tríú tír a phostú, rud a chruthódh rioscaí dlíthiúla d'oibrithe agus d'fhostóirí araon, agus cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil gá le forfheidhmiú éifeachtach ag na Ballstáit.

1.11. Cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról an Údaráis Eorpaigh Saothair a neartú, lena n-áirítear trína shainordú a threisiú agus trína áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní aige, go háirithe chun cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a chomhordú, chun idirghabháil a dhéanamh, chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit agus chun faireachán a dhéanamh ar phatrúin phostaithe maidir le náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha comhroinnte, le rannpháirtíocht níos láidre ó na comhpháirtithe sóisialta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh do CESE an Pacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair atá ar na bacáin mar dheis chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí Phas Eorpach Slándála Sóisialta a fhorbairt chun tacú le digitiú agus fíorú trasteorann fianuithe slándála sóisialta, go háirithe deimhnithe PD A1.

1.12. Tugann CESE chun suntais leochaileacht ar leith oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ar postú, rud atá níos measa mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil agus forfheidhmiú neamhleor. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ar fhaisnéis maidir le cearta agus oibleagáidí, lena n-áirítear trí bhearta faisnéise spriocdhírithe agus trí chomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Tá CESE ag iarraidh freisin go dtabharfaí tacaíocht iomchuí ón Aontas, lena n-áirítear cistiú agus cláir, chun faisnéis agus treoir éifeachtach agus inrochtana a áirithiú d'oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ar postú, le rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta, agus go ndéanfaí bearta tacaíochta iomchuí chun feidhmiú éifeachtach chearta na n-oibrithe sin a éascú.

2. **Barúlacha ginearálta**

Soghluaisteacht lucht saothair agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar ar an margadh inmheánach: an creat dlíthiúil

2.1. Cuirtear i bhfios go láidir i dtuarascáil Letta, mar is ceart, go bhfuil margadh aonair na hEorpa 'ina bhunchloch don fhás eacnamaíoch, don chóineasú, don dul chun cinn sóisialta agus d'fheabhsú na gcaighdeán maireachtála ar fud na mór-roinne nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo' ([1]). Cuid riachtanach de rath an mhargaidh aonair is ea soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas. Áirítear leis gluaiseachtaí daoine nádúrtha laistigh den Aontas ó Bhallstát amháin go Ballstát eile chun críche fostaíochta nó chun seirbhísí a sholáthar. Is léiriú é seo ar an gcumas oibriú i mBallstát eile bunaithe ar shaorghluaiseacht oibrithe (Airteagal 45 CFAE) agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (Airteagal 56 CFAE). Tagraíonn an ceann deireanach do ghníomhaíocht chuideachta a sheolann (i.e. 'postú') oibrithe ar feadh tréimhse teoranta ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

([1]) Tuarascáil Letta E. (2024), *Much more than a market*, lch. 14.

2.2. Déantar oibrithe a fheidhmíonn saorghluaiseacht oibrithe a chomhtháthú i margadh saothair an Bhallstáit is faighteoir, agus aistríonn oibrithe ar postú faoi chuimsiú na saoirse atá ag a bhfostóir seirbhísí a sholáthar go sealadach agus leanann siad de bheith comhtháite i margadh saothair an Stáit is seoltóir. Náisiúnaigh tríú tír atá ag obair go dleathach i mBallstát agus a bhfuil cónaí orthu ann, níl an ceart chun saorghluaiseachta mar oibrithe acu — seachas faoi choinníollacha áirithe le haghaidh cónaitheoirí fadtéarmacha — ach is féidir lena bhfostóir iad a phostú.

2.3. De réir mar a tháinig forbairt ar an margadh aonair, tá méadú tagtha ar líon na ngnóthas a bhfuil úsáid dhlisteanach bainte acu as postú oibrithe, lena n-áirítear oibrithe náisiúnach tríú tír, chun seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha, rud a chuireann le feidhmiú an mhargaidh aonair agus le hiomaíochas gheilleagar na hEorpa. Ráthaítear cearta fostaíochta na n-oibrithe ar postú le Treoir 96/71/CE ([2]) maidir le hOibrithe a Phostú [arna leasú le Treoir (AE) Uimh. 2018/957 ([3])], le Treoir 2014/67/AE ([4]) maidir le Forfheidhmiú agus le Treoir (AE) Uimh. 2020/1057 ([5]) (maidir le postú in earnáil an iompair de bhóthar). Déileáiltear le cearta slándála sóisialta na n-oibrithe ar postú i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ([6]) agus Rialachán (AE) Uimh. 987/2009 ([7]) maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta. Tá feidhm ag na hionstraimí sin gan beann ar náisiúntacht an oibrí ar postú agus, dá bhrí sin, áirítear náisiúnaigh tríú tír iontu ([8]). I gcás inar tháinig an gá chun cinn, rinneadh an creat dlíthiúil sin a shoiléiriú go pointe áirithe agus a chomhlánú le cásdlí CBAE, lena n-áirítear maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú.

2.4. Cumhdaítear postú náisiúnach tríú tír chun seirbhísí trasteorann a sholáthar le reachtaíocht ghinearálta an Aontais maidir le postú toisc nach rialaítear é le reachtaíocht shonrach an Aontais. Múnlaíonn CBAE é, áfach, i gcásdlí *Vander Elst*, mar a thugtar air, atá bunaithe ar shaoirse an fhostóra seirbhísí a sholáthar ([9]). Shoiléirigh CBAE nach bhféadfaidh an Ballstát is faighteoir oibleagáid a chur ar náisiúnaigh tríú tír atá ar postú réamhúdarú a bheith acu, amhail cead oibre, ós rud é go bhfuil na hoibrithe sin fostaithe go dlíthiúil cheana féin sa Bhallstát is iasachtóir. Measann CBAE nach bhfuil sé ar intinn ag na hoibrithe sin dul isteach i margadh saothair an Bhallstáit is faighteoir, toisc go bhfillfidh siad ar a dtír thionscnaimh nó ar a dtír chónaithe ar a ndualgais a chur i gcrích. Mar sin féin, féadfaidh an Ballstát is faighteoir a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse a léiriú go bhfuil náisiúnaigh tríú tír atá ar postú i staid dhleathach sa Bhallstát is iasachtóir a mhéid a bhaineann le hábhair amhail cónaí, cead oibre agus cumhdach slándála sóisialta agus go bhfuil na hoibrithe sin i mbun a bpríomhghníomhaíochta sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe. Níor cheart dóibh rochtain a lorg ar mhargadh saothair an Bhallstáit is faighteoir.

2.5. Thairis sin, chinn CBAE nach féidir an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a úsáid chun críoch eile seachas chun an tseirbhís atá i gceist a dhéanamh ([10]). Tá feidhm aige sin i gcás ina ndéanann na hoibrithe sin cúraimí faoi mhaoirseacht agus faoi údarás an ghnóthais atá bunaithe sa Bhallstát is faighteoir. Féadfaidh an Ballstát is faighteoir a cheangal ar na hoibrithe sin cead cónaithe a fháil tar éis na chéad trí mhí, a chumhdaítear le víosa Schengen, ionas gur féidir leis a fhíorú

([2]) IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj.

([3]) Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/957/oj).

([4]) IO L, 2024/159, 28.5.2024, p. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/67/oj.

([5]) Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/1057/oj).

([6]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/883/oj.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/987/oj.

([8]) Le Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1231/oj) leathnaíodh raon feidhme na rialachán maidir le comhordú na slándála sóisialta chun náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i mBallstát agus atá i staid trasteorann idir na Ballstáit a chur san áireamh. Tá léirmhíniú leathan tugtha ag CBAE ar na coinníollacha chun cónaí go dlíthiúil i mBallstát, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát ar bhonn víosa shealadach: CBAE C-477/17 *Balandin*.

([9]) Féach cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i: C-43/93 *Vander Elst*; C-445/03 *An Coimisiún v Lucsamburg*; C-244/04 *An Coimisiún v An Ghearmáin;* C-168/04 *An Coimisiún v An Ostair;* C-91/13 *Essent;* C-18/17 *Danieli;* C-540/22 *SN agus eile*.

([10]) Féach cásdlí CBAE in C-445/03 *An Coimisiún v Lucsamburg*; C-244/04 *An Coimisiún v An Ghearmáin*; C-540/22 *SN agus eile*.

go bhfuil siad i staid dhleathach, go háirithe maidir leis na coinníollacha cónaithe, údarú chun oibre agus cumhdach slándála sóisialta sa Bhallstát ina bhfuil na hoibrithe sin fostaithe ag an ngnóthas lena mbaineann, agus ionas gur féidir leis a sheiceáil nach bagairt don bheartas poiblí iad.

An gá atá le cothrom na Féinne sa mhargadh inmheánach

2.6. Mar sin féin, braitheann cur chun feidhme an chásdlí sin agus reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit i bhfeidhm í. De réir thorthaí an Údaráis Eorpaigh Saothair ó 2023, i líon suntasach Ballstát, déanann na húdaráis inniúla na rialacha lena rialaítear náisiúnaigh tríú tír a phostú a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú, lena n-áirítear cásdlí ábhartha CBAE maidir leis an idirghníomhaíocht idir an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, rialacha maidir le postú agus reachtaíocht náisiúnta maidir le himirce lucht saothair, ar bhealaí éagsúla ([11]). Mar thoradh air sin, tá roinnt éiginnteachta fós ann maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú míchothrom na gcritéar faoina bhfuil postú náisiúnach tríú tír dlisteanach faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach soiléireacht na gcritéar sin a áirithiú agus a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú cuí a éascú chun iomaíocht chóir, forfheidhmiú éifeachtach caighdeán saothair agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a ráthú. D'fhéadfadh éiginnteacht d'fhostóirí atá ag iarraidh an dlí a chomhlíonadh an bonn a bhaint den chothroime iomaíochta sa mhargadh aonair agus an riosca a mhéadú go bhféadfadh oibrithe a bheith neamhchosanta ar chleachtais mhí-úsáideacha.

2.7. D'fhéadfadh fadhbanna ar leith a bheith ag baint leis an easpa soiléireachta sin maidir le cur i bhfeidhm na rialacha agus chásdlí CBAE i socruithe postúcháin atá dírithe ar earcaíocht agus i struchtúir chasta fochonraitheoireachta a bhaineann le hidirghabhálaithe saothair nó gníomhaireachtaí oibre sealadaí. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'údaráis forfheidhmithe agus do ghníomhaithe sa mhargadh saothair idirdhealú a dhéanamh idir fíorsholáthar seirbhísí trasteorann agus socruithe mí-úsáideacha a théann timpeall ar rialacha náisiúnta maidir le himirce lucht saothair.

2.8. An tráth céanna, tá méadú ag teacht ar líon na náisiúnach tríú tír ar postú sna Ballstáit a bhfuil sonraí ar fáil ina leith ([12]), agus de réir na dtorthaí inmheánacha maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha arna gcomhordú ag an Údarás Eorpach Saothair, tá tásca ann gur minic a bhaineann cásanna a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír ar postú le sáruithe níos suntasaí agus níos tromchúisí, lena n-áirítear sáruithe ar rialacha maidir le postú. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin go bhfuil oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad á bpostú i gcásanna nach gcumhdaítear leis an gcásdlí seo ná le forálacha an Chonartha maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. I gcásanna den sórt sin, tá an baol ann go mbeidh fostaíocht agus cónaí na n-oibrithe sin sa Bhallstát is faighteoir neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá an baol ann go ngearrfar pionós ar an bhfostóir as náisiúnaigh tríú tír a fhostú gan an cead is gá ([13]) agus tá an baol ann go gciontófar an t-oibrí atá i gceist i bhfostaíocht neamhdhleathach agus in áit chónaithe neamhdhleathach ([14]). Cruthaíonn an staid sin dúshláin shuntasacha dhlíthiúla do na páirtithe uile lena mbaineann agus ba cheart aghaidh a thabhairt air d'fhonn teacht ar réitigh iomchuí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a mheas go gcuireann sé inniúlacht na mBallstát i mbaol, mar a aithnítear in Airteagal 79(5) CFAE, chun líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach ó thríú tíortha ar a gcríoch chun obair a lorg a chinneadh.

2.9. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí soiléiriú spriocdhírithe ar chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil is infheidhme, thacófaí le hiomaíocht chóir, chothófaí muinín sa chóras maidir le postú agus chuirfí ar chumas na n-údarás measúnú a dhéanamh ar bhealach níos comhsheasmhaí agus le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr an ionann náisiúnaigh tríú tír a phostú agus fíorsholáthar seirbhísí trasteorann nó iomaíocht éagórach a bhaineann mí-úsáid as rialacha an mhargaidh aonair. Dá ndéanfaí soiléiriú ar na coinníollacha a bhaineann le postú agus dá dtabharfaí treoir maidir le forfheidhmiú agus cur i bhfeidhm, chosnófaí oibrithe agus, ag an am céanna, thabharfaí an intuarthacht do ghnólachtaí a theastaíonn uathu chun oibriú go muiníneach laistigh den mhargadh aonair gan aghaidh a thabhairt ar iomaíocht éagórach.

([11]) An tÚdarás Eorpach Saothair (2023), *Report on the cooperation practices, possibilities and challenges between Member States — specifically in relation to the posting of third-country nationals*.

([12]) De Wispelaere, F., De Smedt L. & Pacolet, J. (2025), *Posting of workers — Collection of data from the prior declaration tools — Reference year 2023*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([13]) IO L 168, 30.6.2009, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/52/oj.

([14]) IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj.

Leochaileacht bhunúsach oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ar postú

2.10. Déanann socruithe maidir le postú éagórach difear díréireach do náisiúnaigh tríú tír ([15]). Is féidir a leochaileacht a nascadh i gcásanna áirithe lena spleáchas dlíthiúil agus eacnamaíoch ar a bhfostóirí. Is féidir an spleáchas sin a threisiú a thuilleadh mar gheall ar an eolas teoranta atá acu ar a gcearta, ar bhacainní teanga agus ar dhálaí maireachtála forbhásacha, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh deacair d'oibrithe a gcearta a dhearbhú nó cleachtais mhí-úsáideacha a thuairisciú. Le rannpháirtíocht na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta, is féidir aghaidh a thabhairt ar eolas teoranta ar chearta oibrithe ar postú trí sholáthar faisnéise leordhóthanaí a áirithiú agus trí fheasacht ar chearta oibrithe a mhúscailt chomh maith le feachtais faisnéise spriocdhírithe d'fhostóirí maidir lena n-oibleagáidí. Tá cleachtais mhí-úsáideacha forleathan go háirithe in earnálacha ardriosca, amhail tógáil, talmhaíocht agus iompar ([16]). Mar thoradh air sin, déantar saobhadh ar an iomaíocht agus cuirtear cuideachtaí a thugann cothrom na Féinne faoi mhíbhuntáiste.

Scála agus patrúin

2.11. Tá méadú ag teacht ar an mbaint atá ag postú oibrithe le seirbhísí a sholáthar sa mhargadh inmheánach. Léirítear i staidéir a rinneadh le déanaí, agus leas á bhaint as sonraí riaracháin ó na Ballstáit, go bhfuil an feiniméan sin bunaithe ar phatrúin shoiléire seachas ar chásanna aonair ([17]). Déantar thart ar dhá mhilliún oibrí a phostú go bliantúil laistigh den mhargadh inmheánach. Laistigh den fheiniméan níos leithne sin, tá líon mór náisiúnach tríú tír á bpostáil. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndeimhnithe PD A1 a eisítear d'oibrithe ar postú le deich mbliana anuas, agus tuairiscíonn roinnt Ballstát cion méadaitheach d'oibrithe ar postú ar náisiúnaigh tríú tír iad ([18]).

2.12. Léiríonn fianaise ó fhoinsí riaracháin náisiúnta agus ó staidéir anailíseacha an Údaráis Eorpaigh Saothair freisin nach bhfuil postú oibrithe náisiúnach tríú tír dáilte go cothrom ar fud an Aontais ([19]). Ina ionad sin, tá sé nasctha go láidir le slabhraí sonracha earcaíochta agus imirce a nascann tríú tíortha, Ballstáit is iasachtóirí agus margaí saothair is faighteoirí san Aontas Eorpach.

2.13. Léiríonn dáileadh postuithe de réir earnála patrúin shoiléire freisin. Tá líon na n-oibrithe ar postú ar náisiúnaigh tríú iad an-ard in earnálacha dlúthshaothair a ndéanann ganntanais lucht saothair difear dóibh agus arb iad is príomhthréithe dóibh slabhraí fochonraitheoireachta agus socruithe casta soláthair saothair, go háirithe earnáil na tógála, na talmhaíochta, na lóistíochta agus codanna áirithe de na hearnálacha monaraíochta agus seirbhíse ([20]).

2.14. I dteannta a chéile, léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach feiniméan imeallach ná scoite é náisiúnaigh tríú tír a phostú ach gur cuid d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh é. Is minic a chomhcheanglaíonn sé sin earcaíocht ó lasmuigh den Aontas chuig an mBallstát is iasachtóir, ceadanna cónaithe agus oibre a dheonú sa Bhallstát is iasachtóir agus oibrithe a phostú ina dhiaidh sin chuig Ballstát (is faighteoir) eile. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh imirce neamhrialta lucht saothair i gceist le postú oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad chuig an mBallstát is faighteoir agus d'fhéadfadh sé sin ceisteanna níos leithne a thabhairt chun solais maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha an Aontais lena rialaítear postú oibrithe chomh maith leis na rialacha maidir le himirce lucht saothair a thagann ó lasmuigh den Aontas.

3. **Barúlacha sonracha**

Nasc idir an t-oibrí agus an Ballstát is iasachtóir

3.1. Sa chleachtas, d'fhéadfadh sé a bheith deacair a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir oibrí a mheas mar dhuine a bhíonn ar fostú sa Bhallstát is iasachtóir de ghnáth. D'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn ina n-earcaítear náisiúnaigh tríú tír i mBallstát amháin agus ina bpostaítear iad chuig Ballstát eile go gairid ina dhiaidh sin, mar shampla i gcás ina ndámhtar conradh don chuideachta seolta laistigh de phróiseas soláthair. I gcásanna den sórt sin, ní fhéadfaidh an caidreamh fostaíochta sa Bhallstát is iasachtóir a bheith ann ach ar feadh tréimhse theoranta roimh an bpostú agus d'fhéadfadh sé ceisteanna a ardú maidir le cé acu is féidir nó nach féidir an t-oibrí a mheas i ndáiríre mar chuid de mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Is féidir tuilleadh treorach a fháil in Airteagal 4(3) de Threoir 2014/67/AE maidir le

([15]) Letta E. (2024), lch. 104; An Coimisiún Eorpach, *Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/957 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar,* COM(2024) 320; An tÚdarás Eorpach Saothair (2023); An tÚdarás Eorpach Saothair (2025).

([16]) An tÚdarás Eorpach Saothair (2023).

([17]) De Wispelaere et al. (2025).

([18]) Ibid.

([19]) An tÚdarás Eorpach Saothair (2025).

([20]) An tÚdarás Eorpach Saothair (2023); An tÚdarás Eorpach Saothair (2025).

Forfheidhmiú, lena leagtar amach critéir chun a chinneadh an bhfuil obair á déanamh go sealadach ag oibrí i mBallstát seachas an Ballstát ina mbíonn siad ag obair de ghnáth. Ina theannta sin, ceanglaítear trí mhí de chleamhnacht roimh ré le córas slándála sóisialta an Bhallstáit seolta leis na leasuithe a comhaontaíodh le déanaí ar na rialacháin maidir le comhordú na slándála sóisialta. Leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir um Fhorfheidhmiú 2014/67/AE freisin critéir chun a chinneadh an ndéanann an gnóthas postaithe gníomhaíochtaí substaintiúla, seachas gníomhaíochtaí bainistíochta agus/nó riaracháin nach bhfuil iontu ach gníomhaíochtaí inmheánacha, sa Bhallstát is iasachtóir ([21]).

3.2. D'fhéadfadh treoir níos soiléire maidir le cur i bhfeidhm an chásdlí maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú agus maidir lena idirghníomhú le rialacha atá ann cheana lena sainaithnítear gnáthfhostaíocht sa Bhallstát is iasachtóir cuidiú le feabhas a chur ar chomhsheasmhacht maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cásanna maidir le postú a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír fíor agus lena áirithiú go gcuirtear an creat maidir le postú i bhfeidhm agus go bhforfheidhmítear é go cuí i gcomhréir leis an gcuspóir atá beartaithe dó. De bhun Airteagal 4(4) de Threoir 2014/67/AE maidir le Forfheidhmiú, ní mór an measúnú ar na heilimintí sin a oiriúnú do gach cás sonrach agus sainiúlachtaí an cháis a chur san áireamh.

Gníomhaireachtaí oibre sealadaí agus slabhraí soláthair saothair

3.3. Cuirtear i dtábhacht in anailís a rinne an tÚdarás Eorpach Saothair le déanaí an ról méadaitheach atá ag slabhraí earcaíochta struchtúrtha maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú ar fud an Aontais ([22]). Is minic a phostáiltear náisiúnaigh tríú tír mar chuid de struchtúir chasta thrasnáisiúnta soláthair saothair lena mbaineann roinnt idirghabhálaithe agus fochonraitheoirí.

3.4. In go leor cásanna, téann oibrithe isteach i margadh saothair Ballstáit amháin ar dtús agus déantar iad a phostú ina dhiaidh sin chuig Ballstáit eile. D'fhéadfadh gníomhaireachtaí earcaíochta, idirghabhálaithe saothair nó cuideachtaí fochonraitheoireachta a chomhordaíonn imscaradh trasteorann oibrithe a bheith i gceist leis na conairí soghluaisteachta sin.

3.5. Is minic a bhíonn roinnt sraitheanna de chaidrimh chonarthacha i gceist le slabhraí soláthair a phostú idir an gnóthas glactha sa Bhallstát is faighteoir, idirghabhálaithe a eagraíonn soláthar saothair agus an gnóthas a ghníomhaíonn go foirmiúil mar fhostóir postaithe sa Bhallstát is iasachtóir. Sna cásanna sin, féadfaidh an fostóir atá bunaithe sa Bhallstát is iasachtóir feidhmiú go príomha mar nód eagraíochtúil laistigh de shlabhra soláthair saothair níos leithne seachas mar ghnóthas a fhostaíonn oibrithe le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar sa Bhallstát sin. D'fhéadfadh sé sin, i gcásanna áirithe, ceisteanna a ardú maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas fós go bhfuil gníomhaíochtaí substaintiúla á ndéanamh ag an ngnóthas is iasachtóir ar chríoch an Bhallstáit is iasachtóir.

3.6. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ról méadaitheach na ngníomhaireachtaí oibre sealadaí agus na n-idirghabhálaithe eile sna socruithe sin ceisteanna bunúsacha a ardú freisin maidir leis an gcaidreamh idir soláthar seirbhísí trasteorann agus beartais náisiúnta imirce lucht saothair. Nuair a earcaíonn gníomhaireachtaí náisiúnaigh tríú tír ó lasmuigh den Aontas, nuair a eagraíonn siad a n-iontráil trí Bhallstát amháin agus nuair a phostálann siad iad chuig Ballstát eile ina dhiaidh sin, is cosúil go múnlaíonn idirghabhálaithe príobháideacha rochtain ar mhargadh saothair náisiúnta an Bhallstáit is faighteoir. Mar a luaigh roinnt Ballstát, baineann sé sin an bonn dá gceart, mar a aithnítear in Airteagal 79(5) CFAE, chun líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach ó thríú tíortha ar a gcríoch chun obair a lorg a chinneadh ([23]). Tá an baol ann go rachfar timpeall ar bheartais imirce saothair an Bhallstáit is faighteoir trí (mhí)úsáid a bhaint as an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

An Bhruiséil, an 15 Iúil 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND

([21]) Féach freisin CBAE C-784/19 *Team Power Europe* maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú i Rialachán 883/2004.
([22]) An tÚdarás Eorpach Saothair (2025).
([23]) Páipéar seasaimh ón Ísiltír, ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia agus ó Lucsamburg — *EU policy priorities for the Commission period 2024-2029: Foster genuine and fair posting of third country nationals (TCNs).*